Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12335/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0266 (NLE)**

**POLCOM 113**
**COASI 146**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú ag an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinní 10-A agus 10-B a ghabhann leis an gComhaontú a leasú |

**CINNEADH (AE) 2022/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú ag an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinní 10-A agus 10-B a ghabhann leis an gComhaontú a leasú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile[1] ('an Comhaontú') a síníodh an 6 Deireadh Fómhair 2010, thug an tAontas i gcrích é trí bhithín Chinneadh (AE) 2015/2169 ón gComhairle[2]. Tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach ón 1 Iúil 2011 agus tháinig sé i bhfeidhm an 13 Nollaig 2015.

(2) Le hAirteagal 15.1 den Chomhaontú, bunaítear Coiste um Thrádáil atá comhdhéanta d'ionadaithe ar an Aontas agus ar Phoblacht na Cóiré.

(3) De bhun Airteagal 15.3.1(g) den Chomhaontú, bunaítear an Mheitheal um Thásca Geografacha faoi choimirce an Choiste um Thrádáil.

(4) An 25 Samhain 2021, faoi chuimsiú an 8ú cruinniú de chuid na Meithle um Thásca Geografacha, tháinig na Páirtithe ar chomhaontú maidir le síneadh a chur le liosta na dtásc geografach atá faoi chosaint in Iarscríbhinní 10-A agus 10-B a ghabhann leis an gComhaontú. Agus Iarscríbhinní 10-A agus 10-B á leasú, déantar, *inter alia*, tagairtí reachtacha a thabhairt cothrom le dáta, na tásca geografacha sin nach bhfuil faoi chosaint san Aontas a thuilleadh a bhaint, tásca geografacha áirithe a athrú, go háirithe i gcás inar athraíodh an t-ainm, agus líon na dtásc geografach atá faoi chosaint ag na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú a mhéadú trí 43 thásc gheografacha an Aontais agus 41 thásc gheografacha na Cóiré a chur leis.

---

1 IO L 127, 14.5.2011, lch. 6.

2 Cinneadh (AE) 2015/2169 ón gComhairle an 1 Deireadh Fómhair 2015 maidir leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile a thabhairt i gcrích (IO L 307, 25.11.2015, lch. 2).

(5) De bhun Airteagal 15.3.5 den Chomhaontú, féadfaidh an Coiste um Thrádáil dul i mbun obair na Meithle um Thásca Geografacha.

(6) De bhun Airteagal 12.2 de rialacha nós imeachta an Choiste um Thrádáil arna nglacadh ag Cinneadh Uimh. 1 den Choiste um Thrádáil[1], is féidir leis an gCoiste um Thrádáil cinntí a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn, sa tréimhse idir na cruinnithe, má thagann an dá Pháirtí ar chomhaontú.

(7) Tá an Coiste um Thrádáil chun an Comhaontú ar thángthas air an 25 Samhain 2021 a ghlacadh ag ceann de na cruinnithe a bheidh aige amach anseo, nó trí nós imeachta i scríbhinn.

(8) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil a bhunú, ós rud é go mbeidh an cinneadh ina cheangal ar an Aontas.

(9) Chun cur chun feidhme cuí chosaint na dTásc Geografach faoin gComhaontú a áirithiú, ba cheart don Choiste um Thrádáil Iarscríbhinní 10-A agus 10-B a ghabhann leis an gComhaontú a thabhairt cothrom le dáta. Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais sa Choiste um Thrádáil a bhunú ar an dréachtchinneadh atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh Uimh. 1 ón gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus an Chóiré an 23 Nollaig 2011 maidir le rialacha nós imeachta an Choiste um Thrádáil a ghlacadh (IO L 58, 1.3.2013, lch. 9).

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil a bunaíodh le hAirteagal 15.1 den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinní 10-A agus 10-B a ghabhann leis an gComhaontú a leasú, bunófar an seasamh sin ar an dréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*